

OLLSCOIL NA BANRÍONA BÉAL FEIRSTE

Scéim Chónaithe Phíolótach do Theangacha


1. Réamhrá

Faoi láthair, cuireann Ollscoil na Banríona cúrsaí céime ar fáil sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Spáinnis agus sa Phortaingéilis; Cuirtear Fraincis agus Spáinnis ar fáil fosta mar chuid de chlár chéime le Gnó, Dlí agus Mata & Fisic. Ina theannta sin, cuirtear Gearmáinis agus Mandairínis ar fáil le Gnó.

Amach anseo, má bhíonn éileamh cuí ó mhic léinn atá ag déanamh staidéir ar cheann de na cúrsaí céime teanga san ollscoil, breathnófar ar lóistín faoi leith do theangacha a chur ar fáil, a bheidh ar fáil mar rogha agus iarratas á dhéanamh ar lóistín in Ollscoil na Banríona.

Is é an aidhm atá leis an **Scéim Chónaithe Phíolótach** do theangacha timpeallacht a chruthú ina mbíonn deis ag mic léinn an teanga a bhfuil siad ag déanamh staidéir uirthi a labhairt ar bhonn rialta agus leanúnach. Ba chóir go ndéanfadh úsáid rialta na teanga i saol pearsanta agus sóisialta na mac léinn a gcuid scileanna teanga a dhaingniú agus a fheabhsú.

Mar rannpháirtithe sa scéim phíolótach, is féidir go n-iarrfar ar mhic léinn a bheith ag obair le chéile ar thionscadail agus imeachtaí éagsúla i rith na bliana acadúla chun feasacht a chothú agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí teanga a spreagadh, ag soláthar scileanna luachmhara ceannaireachta, eagrúcháin, cruthaitheacha agus obair foirne.

Bheifí ag iarraidh trí aon imeachtaí  for-rochtana gaolmhara a thiocfadh le rannpháirtithe a chur ar fáil tacú leis an ghealltanais atá tugtha i bpolasaí Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe na hOllscoile ina sonraítear: “Beidh an Ollscoil go réamhghníomhach ag lorg deiseanna chun oibriú leis an fhoireann, le mic léinn, le hOifig Shabóideacha Aontas na Mac Léinn, le hearnáil na Gaeilge, le hearnáil na hUltaise agus le daoine eile chun tábhacht na héagsúlachta teanga a chur chun cinn trí imeachtaí for-rochtana, oideachais, campais agus gníomhaíochtaí taobh amuigh de suíomh, agus trí thacú le rochtain na foirne agus na mac léinn ar chúrsaí teanga, líonraí, eolas agus acmhainní.” Alt 6.5

Sa chéad bhliain, tá sé molta, má léirítear éileamh cuí, go mbeidh scéim phíolótach i bhfeidhm ina dtabharfar an rogha do mhic léinn atá ag déanamh cúrsa céime Gaeilge san Ollscoil cónaí le chéile i lóistín faoi leith.

I ngach aon chás, beidh áiteanna ar an Scéim seo do mhic léinn Ollscoil na Banríona atá ag déanamh staidéar lánaimseartha ar chúrsa ina ndéantar an Ghaeilge a theagasc.

2. Scagadh Comhionannais

Sa chás ina mbíonn dualgais na hOllscoile á gcomhlíonadh faoi Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998, cuimsítear i Scéim Chomhionannais na hOllscoile tiomantas comhairliúcháin a dhéanamh ar chur i bhfeidhm polasaithe nua agus athbhreithnithe, mar atá sainmhínithe ag Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann maidir le comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh.

Tá an Ollscoil ag tabhairt faoi scagadh comhionannais ar an Scéim Chónaithe Phíolótach do Theangacha atá molta agus fáiltíonn sí roimh aiseolas ó chomhairlithe inmheánacha agus seachtracha araon ar an doiciméad molta (scagadh comhionannais). Mairfidh an tréimhse chomhairliúcháin ar feadh ocht seachtaine, **ag druidim ar an 8 Iúil 2022**, de réir Scéim Chomhionannais na hOllscoile (2018-2023) chun go leor ama a thabhairt do ghrúpaí dul i gcomhairle lena chéile mar chuid den phróiseas le teacht ar thuairim agus ionas go mbeidh an Ollscoil in ann na spriocdhátaí ceadaithe inmheánacha a bhaint amach.

I ndiaidh an próiseas scagtha comhionannais a chríochnú, déanfar aon athruithe ar an doiciméad (scagadh comhionannais) ionas gur féidir le Seanad na hOllscoile cinneadh eolasach a dhéanamh.

